Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**12432/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0133(NLE)**

**RESPR 64**
**FIN 797**
**CADREFIN 348**
**POLGEN 178**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8360/18 (COM(2018) 328 final) |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle (AE, Euratom) lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir le comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú |

1. An 4 Bealtaine 2018, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir le comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú[1] Tá an Rialachán ón gComhairle atá beartaithe mar chuid den phacáiste tograí maidir le córas acmhainní dílse nua a dhéantar i gcomhthéacs an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile (CAI) 2021-2027, mar aon le tograí ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[2], Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[3] agus Rialachán ón gComhairle maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil bunaithe ar an gComhchóras Comhdhlúite Cánach Corparáide, ar an gCóras Trádála Astaíochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh agus ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach ndéantar athchúrsáil uirthi, agus ar na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh[4].

---

1 8630/18.
2 8357/18 + ADD 1 + ADD 2.
3 8359/18 + ADD 1.
4 8358/18.

2. Tá sé mar aidhm ag an togra simpliú suntasach a dhéanamh ar ghnéithe acmhainní dílse na cánach breisluacha, go háirithe maidir leis an mbonn a ríomh le haghaidh na hacmhainne dílse CBL-bhunaithe

3. An 23 Bealtaine 2018, chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an togra seo. Níor thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi fós. Thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim uaithi[5] an 9 Deireadh Fómhair 2018.

4. Pléadh an togra ag an Meitheal um Acmhainní Dílse an 29 Bealtaine 2018, an 9 Deireadh Fómhair 2018, an 28 Eanáir 2019, an 11 Márta 2019, an 8 Aibreán 2019, an 10 Bealtaine 2019 agus an 12 Meitheamh 2020.

5. Glac cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 17-21 Iúil 2020 conclúidí ón gComhairle Eorpach lena gcumhdaítear an t-ioncam do CAI 2021-2027[6] freisin.

6. Chuir an Uachtaránacht an treoir pholaitiúil a chuir an Chomhairle Eorpach ar fáil an 21 Iúil 2020 i dtograí comhréitigh, a pléadh ag físchomhdhálacha neamhfhoirmiúla de chomhaltaí na Meithle um Acmhainní Dílse an 10 Meán Fómhair agus an 22 Deireadh Fómhair 2020. Go háirithe, cuireadh an modh malartach simplithe beachtaithe in ionad an mhodha lena ríomhtar an bonn don acmhainn dhílis CBL-bhunaithe.

---

[5] IO C 431, 29.11.2018, lch. 1.

[6] EUCO 10/20

7. Bhí téacs críochnaitheach den togra ón Uachtaránacht maidir leis an Rialachán leasaithe CBL faoi réir comhairliúchán i scríbhinn, a tháinig chun deiridh an 30 Deireadh Fómhair 2020, gan agóid déanta ag aon cheann de na toscaireachtaí ina choinne. Leagtar amach téacs an togra ón Uachtaránacht san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an téacs arna mholadh ag an Uachtaránacht a dhearbhú, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, d'fhonn go mbeidh an Chomhairle in ann teacht ar chomhaontú polaitiúil mar chuid de phacáiste CAI i ndáil leis an téacs seo, faoi réir a athbhreithnithe dhlítheangeolaíoch;

- cinneadh a dhéanamh téacs athbhreithnithe an Rialacháin ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, agus a iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa é a thabhairt ar aird agus a tuairim á tarraingt suas aici;

- cinneadh a dhéanamh téacs athbhreithnithe an Rialacháin ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, a chur ar aghaidh chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a iarraidh ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa tuairim a thabhairt maidir leis an téacs athbhreithnithe.

**IARSCRÍBHINN**

2018/0133 (NLE)

**RIALACHÁN (AE, Euratom ) ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir le comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322(2),

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[7],

Ag féachaint don tuairim ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[8],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir le hAcmhainn Dhílis an Aontais atá bunaithe ar Cháin Bhreisluacha (CBL) a bhunaítear le Cinneadh 20xx/xxxx/AE, Euratom ón gComhairle[9] ("an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe") ba cheart í a chur ar fáil don Aontas sna coinníollacha is fearr is féidir. Dá réir sin, ba cheart rialacha a leagan síos do na Ballstáit maidir leis an acmhainn sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais.

7 IO C […], […], lch. […].
8 IO C […], […], lch. […].
9 Cinneadh 20xx/xxxx/AE, Euratom ón gComhairle an ... maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L ...).

(2) Na forálacha a bhaineann leis na socruithe aonfhoirmeacha cinntitheacha chun an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe a bhailiú agus leis na rialacha mionsonraithe chun éifeacht a thabhairt do na socruithe sin, beidh feidhm acu araon ón 1 Eanáir 2021.

(3) Ar mhaithe le simplíocht agus trédhearcacht, agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe a ríomh ar bhonn meánráta ualaithe ilbhliantúil cinntitheach. Maidir leis na socruithe chun bonn na hacmhainne dílse CBL-bhunaithe a ríomh, ba cheart iad a chinneadh ar bhealach aonfhoirmeach ag tosú ó fháltais a bailíodh go hiarbhír i mbliain féilire faoi leith mar an t-aon mhodh cinntitheach chun bonn na hacmhainne dílse CBL-bhunaithe a chinneadh.

(4) Ba cheart an meánráta ualaithe CBL ón mbliain airgeadais 2016 i ngach Ballstát a úsáid mar mheánráta ualaithe ilbhliantúil cinntitheach.

(5) Ba cheart Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle[10] a leasú dá réir sin.

(6) Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá céanna le Cinneadh 20xx/xxxx/AE, Euratom agus feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2021. Níor cheart, áfach, feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgeadh ná ceartú ráiteas ar bhonn na hacmhainne dílse CBL-bhunaithe do bhlianta airgeadais roimh 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

10 Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 an 29 Bealtaine 1989 maidir le socruithe aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (IO L 155, 7.6.1989, lch. 9).

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 mar seo a leanas:

(1) scriostar teidil na bhforannán seo a leanas:

(a) "Teideal I Forálacha ginearálta";

(b) "Teideal II Raon feidhme";

(c) "Teideal III Modh ríofa";

(d) "Teideal IV Forálacha a bhaineann le cuntasaíocht agus le hacmhainní dílse a chur ar fáil";

(e) "Teideal V Forálacha a bhaineann le rialú";

(f) "Teideal VI Forálacha deiridh";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

Ríomhfar an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe tríd an glaoráta aonfhoirmeach faoi phointe (b) d'Airteagal 2(1) de Chinneadh 20xx/xxx/AE, Euratom*, a chur i bhfeidhm ar an mbonn a chinnfear i gcomhréir leis an Rialachán seo.

---

* Cinneadh 20xx/xxxx/AE, Euratom ón gComhairle an [DÁTA] maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L [...], [...], lch. [...]).'

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

Cinnfear an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe ó na hidirbhearta inchánach dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle* (an Treoir maidir le CBL) maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha, arna leasú.

______________________

* Treoir 2006/112/CE ón gComhairle maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1)."

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 3 agus 4:

"*Airteagal 3*

1. I gcás bliain féilire ar leith, ríomhfar an bonn le haghaidh na hacmhainne dílse CBL-bhunaithe trí na glanfháltais CBL iomlána arna mbailiú ag Ballstát le linn na bliana sin i gcomhréir le mír 2, a roinnt ar an meánráta ualaithe CBL, arna ríomh i gcomhréir leis an modh a leagtar amach in Airteagal 4.

   Sloinnfear an meánráta ualaithe ilbhliantúil cinntitheach sin mar chéatadán, agus an modh coiteann a leagtar amach in Airteagal 4 á chur i bhfeidhm.

2. Déanfar na glanfháltais CBL iomlána a bailíodh ó na hidirbhearta inchánach dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo a cheartú chun na méideanna seo a leanas a chur san áireamh:

   (a) aon mhéideanna ar cheart déileáil leo chun críocha acmhainní dílse mar idirbhearta de thionscnamh Ballstáit nó atá ceaptha do Bhallstát cé go dtionscnaítear iad i gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir 2006/112/CE nó go bhfuil siad ceaptha don chríoch sin;

(b) aon mhéideanna a fhabhraíonn ó cheann de na háiteanna dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2006/112/CE, a mhéid is féidir le Ballstát a chruthú gur aistríodh an t-ioncam chuig an áit sin;

(c) aon mhéid a bheidh dlite tar éis ceartú de thoradh sárú ar Chinneadh 2006/112/CE.

3. Déanfar an méid a fhaightear trí mhír 1 a chur i bhfeidhm a iolrú faoin nglaoráta aonfhoirmeach dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(1) de Chinneadh 20xx/xxxx/AE, Euratom** chun an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe, atá le cur ar fáil do bhuiséad an Aontais, a fháil.

*Airteagal 4*

1. Ríomhfar an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe ar bhonn blianta féilire.

2. Ríomhfar an meánráta ualaithe ilbhliantúil cinntitheach ar bhonn an mhodha seo a leanas:

(a) is mar chéatadán arna ríomh ag an mBallstát don bhliain airgeadais 2016 a shloinnfear é, agus forálacha an Airteagail seo á n-urramú mar is infheidhme roimh 2021;

(b) ríomhfar go dtí an ceathrú deachúil an céatadán ina sloinnfear an meánráta ualaithe ilbhliantúil cinntitheach;

(c) an céatadán ina sloinnfear an meánráta ualaithe cinntitheach ilbhliantúil, déanfar cigireacht air agus beidh sé saor ó fhógraí a bhaineann le saincheisteanna atá fós gan réiteach dá dtagraítear in Airteagal 9(2) mar is infheidhme roimh 2021;

(d) san eatramh, úsáidfear meánráta ualaithe atá faoi fhógra, agus measfar gurb é an meánráta ualaithe ilbhliantúil sealadach é;

(e) ach a réiteofar na saincheisteanna atá faoi fhógra, cuirfear an céatadán a thiocfaidh as sin in ionad an mheánráta ualaithe ilbhliantúil shealadaigh, agus beidh sé ina mheánráta ualaithe ilbhliantúil cinntitheach ón mbliain airgeadais 2021 ar aghaidh;

(f) na himpleachtaí buiséadacha a bheidh ann mar thoradh ar aon difríocht idir an meánráta ualaithe sealadach agus an meánráta ualaithe bliantúil cinntitheach, tabharfar aghaidh orthu faoin nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10b(5) de Rialachán (Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle* ar a dtugtar an cleachtadh comhardaithe bliantúil.

---

* Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, agus acmhainní dílse CBL-bhunaithe agus OLN-bhunaithe a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, p. 39).

** Cinneadh 20xx/xxxx/AE, Euratom ón gComhairle an [DÁTA] maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L [...], [...], lch. [...]).";

(5) scriostar Airteagal 5 agus Airteagal 6;

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

1. Faoin 31 Iúil gach bliain, cuirfidh na Ballstáit ráiteas chuig an gCoimisiún maidir le méid iomlán an bhoinn le haghaidh na hacmhainne dílse CBL-bhunaithe don bhliain féilire roimhe sin, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3, a bhfuil an ráta dá dtagraítear in Airteagal 1 le cur i bhfeidhm air.

2. Sa ráiteas beidh na sonraí uile a úsáidtear chun an bonn a chinneadh, ar sonraí iad is gá do na cigireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 20xx/xxxx ón gComhairle.

3. Is iad na sonraí is déanaí a bheidh ar fáil nuair a chuirfear an ráiteas ar fáil na sonraí a úsáidfear chun an bonn a chinneadh.

4. Féadfaidh na Ballstáit síneadh a iarraidh ar an teorainn ama dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo más rud é, de bharr imthosca eisceachtúla nach bhfuil smacht acu orthu, go bhfuil sé dodhéanta na ríomhanna a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 3 agus, dá bhrí sin, cloí leis an teorainn ama sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin i scríbhinn agus leagfar amach inti na cúiseanna leis na himthosca eisceachtúla.

5. Tar éis dó iarraidh dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a scrúdú, féadfaidh an Coimisiún aon síneadh amháin go ceann 2 mhí ar a mhéad a dheonú ar an teorainn ama dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Tuairisceoidh an Coimisiún líon na n-iarrataí agus a chinntí comhfhreagracha ar bhonn bliantúil chuig an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 13(1).";

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

Chun críoch buiséadach, cuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún faoin 15 Aibreán gach bliain, meastachán ar an mbonn le haghaidh na hacmhainne dílse CBL-bhunaithe don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.";

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

1. Aon cheartuithe ar na ráitis dá dtagraítear in Airteagal 7(1) do bhlianta airgeadais roimhe sin, ar aon chúis, déanfar iad trí chomhaontú idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann.

I gcás nach n-aontóidh an Ballstát agus an Coimisiún faoi cheartú, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoi sin i litir i dtaobh an cheartaithe is gá. "Bearta" dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 12(2) de Rialachán 609/2014 ón gComhairle a bheidh sa litir sin.

2. Is féidir leis an mBallstát lena mbaineann a iarraidh ar an gCoimisiún an ceartú a cuireadh in iúl a athbhreithniú i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1 laistigh de 2 mhí ón lá a fuarthas an litir a luaitear sa dara fomhír de mhír 1. Tabharfar an nós imeachta athbhreithniúcháin sin i gcrích trí bhíthin cinneadh arna dhéanamh ag an gCoimisiún, cinneadh a ghlacfaidh sé 3 mhí ar a dhéanaí tar éis an lá a fuarthas iarraidh an Bhallstáit.

I gcás ina n-athbhreithneofar leis an gcinneadh ón gCoimisiún, go hiomlán nó go páirteach, na méideanna a chomhfhreagraíonn don cheartú, cuirfidh an Ballstát an méid comhfhreagrach ar fáil. Ní dhéanfar difear, ní le hiarraidh arna déanamh ag Ballstáit go n-athbhreithneofaí an ceartú ná le caingean chun an cinneadh a rinne an Coimisiún a neamhniú, don oibleagáid a bheidh ar an mBallstát an méid a chomhfhreagraíonn don cheartú a chur ar fáil.

Cuirfear gach ceartúchán isteach i ráitis chomhiomlána, lena leasófar na ráitis roimhe sin do na blianta airgeadais lena mbaineann.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina sonrófar a thuilleadh na modúlachtaí nós imeachta le haghaidh an nós imeachta athbhreithniúcháin dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(3). Ní dhéanfar dochar le glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme sin do chur i bhfeidhm an nós imeachta athbhreithniúcháin a leagtar amach i mír 2.

4. Ní dhéanfar aon cheartuithe eile ar na ráitis dá dtagraítear in Airteagal 7(1) tar éis an 31 Iúil den cheathrú bliain tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann, mura rud é go mbainfidh na ceartuithe sin le pointí ar thug an Coimisiún nó an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith roimhe sin.';

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"*Airteagal 10*

1. Faoin 30 Aibreán de gach bliain, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon réitigh agus aon mhodhnuithe gaolmhara a bhfuil sé á moladh go nglacfaí chun na méideanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 3(2) a chinneadh. Léireofar sa réiteach arna mholadh, i gcás inarb infheidhme, cineál na sonraí a mheasfaidh an Ballstát a bheith iomchuí, agus áireofar ann meastachán ar luach an bhoinn do gach mír.

   Faoin 31 Bealtaine sa bhliain chéanna, seolfaidh an Coimisiún chuig na Ballstáit eile an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fuair sé ó Bhallstát.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a mhéid a bhaineann leis na réitigh arna moladh ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 1. I gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 13(2) glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin laistigh de 60 lá tar éis don choiste dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a thuairim a thabhairt.";

(10) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tar éis na rialuithe dá dtagraítear in Airteagal 2(4) de Rialachán (AE, Euratom) 20xx/xxxx, déanfar an ráiteas bliantúil do bhliain airgeadais ar leith a cheartú de réir mar a shonraítear in Airteagal 9.";

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"2. Maidir leis an meánráta ualaithe dá dtagraítear in Airteagal 4, míreanna 2 agus 3, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na ceartúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9 arna gcur isteach ag na Ballstáit chun aon fhógraí a bhaint a bhaineann le saincheisteanna atá fós gan réiteach maidir leis an meánráta ualaithe."

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"*Airteagal 12*

1. Gach bliain cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil don Choimisiún maidir leis na hathruithe ábhartha uile, i gcomparáid leis an méid a chur siad in iúl roimhe sin, ar a bpróisis agus a nósanna imeachta riaracháin a chuireann siad i bhfeidhm chun CBL a bhailiú.

2. Breithneoidh an Coimisiún, i gcomhar leis an mBallstát lena mbaineann, an féidir feabhas a chur ar na próisis agus na nósanna imeachta sin.

3. Gach cúig bliana cuirfidh an Coimisiún ar fáil tuarascáil maidir leis na bearta agus an dul chun cinn arna ndéanamh ag na Ballstáit maidir le CBL a bhailiú, agus maidir le haon fheabhsuithe.

Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den chéad uair faoin 31 Nollaig 2025.";

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

"*Airteagal 13*

1. Tabharfaidh an Coiste Comhairleach maidir le hacmhainní dílse (CCAD/CBL), a bhunaítear le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 20xx/xxxx, cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).";

(13) Tar éis Airteagal 13, cuirtear Airteagal 13a nua isteach:

"*Airteagal 13a*

1. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fheidhmiú chóras acmhainní dílse CBL-bhunaithe ar fáil faoin 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí. Leagfar amach sa tuarascáil an méid seo a leanas:

   (a) líon na mBallstát a chuireann meánráta ualaithe i bhfeidhm fós faoi réir aon fhógraí a bhaineann le saincheisteanna atá fós gan réiteach;

   (b) aon athruithe ar na rátaí náisiúnta CBL.

2. Sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, measúnófar cibé acu atá nó nach bhfuil córas acmhainní dílse CBL-bhunaithe agus, go háirithe, an meánráta ualaithe ilbhliantúil, éifeachtach agus leordhóthanach. Más iomchuí, beidh togra maidir leis an Rialachán seo a mhodhnú ag gabháil leis an tuarascáil d'fhonn an meánráta ualaithe ilbhliantúil a chinneadh ar bhonn sonraí is déanaí.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán sin i bhfeidhm an lá a thiocfaidh Cinneadh 20xx/xxxx/AE, Euratom i bhfeidhm.

Beidh feidhm aige [aici] ón 1 Eanáir 2021.

Ní bheidh feidhm, áfach, ag Airteagal 1 maidir le táirgeadh ná ceartú ráiteas ar bhonn na hacmhainne dílse CBL-bhunaithe do bhlianta airgeadais roimh 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*